An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí
N37 X659

Department of Education and Skills
Cornamaddy
Athlone
Co. Westmeath
N37 X659

[redacted]

24 Deireadh Fómhair 2016

Maidir le: Iarratas SF: 2016/359

A Chara,

Tagraím don iarratas a rinne tú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar thaifid i seilbh an chomhlachta seo.

D'iarratas:

Ba mhaith liom cóip den leabhar "síniú isteach" a bhfuil i bhFáiltiú na Roinne Oideachais agus Scileanna, i Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, ó 1 Meán Fómhar 2015 go 22 Meán Fómhar 2016

Ba mhaith liom cóip den leabhar "síniú isteach" a bhfuil i bhFáiltiú na Roinne Oideachais agus Scileanna, i gCorr na Madadh, Baile Átha Luain, ó 1 Meán Fómhar 2015 go 22 Meán Fómhar 2016.

Déanaim an t-iarratas seo faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Táimse, Tony Shine, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, tar éis cinneadh deireanach a dhéanamh ar an 25 Deireadh Fómhair 2016 chun diúltú do d'iarratas.

Is éard is cuspóir leis an litir seo ná an cinneadh úd a mhíniú. Baineann na codanna seo a leanas leis an míniú sin:

1. Míniú ar na torthaí ábhartha maidir leis na taifid a bhfuiltear ag diúltú duit rochtain a fháil orthu, agus
2. ráiteas faoin gcaoi inar féidir leat an cinneadh seo a achomharc más mian leat é sin a dhéanamh.

Tugtar aghaidh sa litir seo ar na codanna sin i ndiaidh a chéile.

1. Torthaí, sonraí agus fáthanna na gcinntí chun rochtain a dhiúltú

Forálacha díolúine a thugtar ar na hailt sin den Acht ar féidir feidhm a bhaint astu chun rochtain ar cháipéisí a dhiúltú.

Faoi fhorálacha Alt 37 (1) den Acht um SF 2014:

"Diúltóidh ceannasaí d'iarratas ar SF más rud é, i dtuairim an cheannasaí, go nochtfaí faisnéis phearsanta tríd rochtain ar an taifead lena mbaineann (lena n-áireofar faisnéis phearsanta a bhaineann le duine nach maireann)"

Foráiltear le hAlt 37(1), faoi réir fhorálacha an ailt, go ndiúltóidh comhlacht SF iarratas a dheonú dá nochtfaí faisnéis phearsanta trí rochtain a cheadú ar an taifead atá i gceist. Sainmhínítear an fhaisnéis phearsanta in alt 2 den Acht lena n-áirítear faisnéis nach mbeadh ar eolas sa ghnáthchúrsa don duine aonair ná do bhaill an teaghlaigh, ná do chairde an duine aonair.

Tagann an díolúine sin faoi réir roinnt eisceachtaí lena n-áirítear:

- i gcás gur mó leas an phobail sa nochtadh ná ceart an duine aonair don phríobháideacht.
- i gcás gur thug an duine lena mbaineann an fhaisnéis toiliú dá heisiúint;
- faisnéis phearsanta a eisiúint i gcúinsí faoi leith do thuismitheoir/caomhnóir a bhaineann le mionaoiseach nó le duine faoi mhíchumas éigin a chiallaíonn nach féidir leis/léi a c(h)uid ceart a chleachtadh faoin Acht,
- faisnéis phearsanta a bhaineann le duine nach maireann a eisiúint i gcúinsí faoi leith agus
- sa chás go rachadh an nochtadh chun tairbhe an duine lena mbaineann an fhaisnéis.

Rinne mé mo chinneadh chun diúltú do d'iarratas ar an mbunús gur dóigh liom gur faisnéis phearsanta é síniú duine agus go bhfuil sé díolmhaithe dá réir sin faoi fhorálacha Alt 37(1).

Maidir leis na tosca a mheas mé ó thaobh leas an phobail agus a chinn mé nach rachadh siad chun leas an phobail, bhain siad sin le cosaint príobháideachta i gcoitinne, le cosaint príobháideacht thríú páirtithe agus le hionchas dlisteanach bhaill an phobail go gcosnófaí faisnéis phearsanta i seilbh comhlachtaí poiblí. Chinn mé gur mhó ceart príobháideachta na ndaoine lena mbaineann an fhaisnéis ná leas an phobail maidir le rochtain ar na taifid sin a dheonú.

2. Ceart chun achomhairc

Is féidir leat an cinneadh seo a achomharc. Sa chás go dteastaíonn uait achomharc mar sin a dhéanamh, is féidir leat é sin a dhéanamh i scríbhinn chuig an Aonad Saorála Faisnéise, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1. Ba cheart go n-áireofaí táille €30 le do chomhfhreagras do phróiseáil an achomhairc. Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh le seic pearsanta nó le hordú airgid phoist iníoctha leis an gcuntasóir sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tabhair faoi deara nach nglacann an Roinn Oideachais agus Scileanna le seiceanna ó úsáideoirí gnó a thuilleadh. Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir le modhanna íocaíochta d'úsáideoirí gnó, seol ríomhphost chuig foi@education.gov.ie

Ba cheart duit d'achomharc a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ó dháta an fhógra seo, agus is é an sainmhíniú a thugtar ar lá ná lá oibre seachas an deireadh seachtaine agus laethanta saoire phoiblí. Is féidir achomharc déanach a cheadú i gcúinsí iomchuí, áfach. Déanfaidh ball foirne níos sinsearaí de chuid an chomhlachta seo athbhreithniú iomlán ar ábhar an achomhairc.

Foilsiú

Taifeadfar gach iarratas neamhphearsanta um SF ar dhialann nochta SF a fhoilseofar ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna in am trátha.

Déan teagmháil liom thar an bhfón ag 090-6483847 más mian leat aon chuid den mhéid thuas a phlé.

Mise, le meas,

Tony Shine
Ardoifigeach Feidhmiúcháin